2025.M106T

2025L568A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Ardleibhéal

Dé Máirt 24 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:00

400 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra<br>Freagair **deich** gceist as 15 cheist | 50 marc |
| Roinn B | Ceisteanna bunaithe ar Shonraí<br>Freagair **gach** ceist | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha<br>Freagair **dhá** cheist | 200 marc |

Freagair Gach Roinn

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Féadfaidh sé go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 50 marc |
|---|---|---|

**Freagair deich gcinn ar bith de na míreanna seo a leanas: (a), (b), (c)…(o).**

**Ceist 1**

**(a)** Sainaithin grúpa a d'fhéadfadh a bheith faoi ghannionadaíocht sna próisis chinnteoireachta i scoileanna agus mol bealach amháin le hionadaíocht an ghrúpa sin a mhéadú.

| |
|---|
| Grúpa: |
| Moladh: |
| |
| |

**(b)** Déan cur síos achomair ar an bhfáth ar cheart do shaoirse an phreasa a bheith ina phríomhghné d'aon sochaí dhaonlathach.



| |
|---|
| |
| |
| |
| |

https://www.ifaj.org/freedom-of-the-press/42627/

**(c)** Mínigh an coincheap 'Staid an Nádúir' trí thuairim Thomas Hobbes **nó** John Locke.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(d)** Mínigh an ról atá ag na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018, i dtaca le cosaint a thabhairt in aghaidh an idirdhealaithe in Éirinn.

**(e)** De réir na Príomhoifige Staidrimh (POS, nó *CSO* i mBéarla), iarrthóirí fireanna ab ea 85% de na hiarrthóirí a thug faoin Staidéar Foirgníochta (AL) san Ardteistiméireacht in 2023, agus iarrthóirí baineanna ab ea 88% de na hiarrthóirí a thug faoin Eacnamaíocht Bhaile (AL).

Déan trácht ar na staitisticí seo i gcomhthéacs cothroime/éagothroime oideachais in Éirinn.

**(f)** Déan trácht ar an teachtaireacht san íomhá seo i gcomhthéacs thíortha daonlathacha an lae inniu.




https://shop.gisreportsonline.com/product/taxation-ship/

**(g)** "Más duine bocht tú, rialaíonn an bhochtaineacht an chaoi a mbreathnaíonn tú ort féin, an chaoi ina léiríonn tú muinín agus a labhraíonn tú, an chaoi ina bhféachann tú ar an domhan agus na brionglóidí a bhíonn agat." Katriona O'Sullivan.
Cén tábhacht a bhaineann leis an ráiteas seo i gcomhthéacs aicmí sóisialta in Éirinn?




https://www.thejournal.ie/readme/extract-of-book-poor-6083339-Jun2023/

**(h)** De réir Oxfam, tá níos mó saibhris ag 1% de na daoine is saibhre ar domhan ná mar atá ag 95% den chine daonna.
Déan trácht ar an staitistic seo i dtaca le neamhionannas domhanda ioncaim.

**(i)** Déan cur síos ar **dhá** fheidhm atá ag Uachtarán na hÉireann.

https://president.ie/en

**(j)** Conas is féidir leis an teicneolaíocht cabhrú linn ár bhfadhbanna comhshaoil a réiteach i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe?



| |
|---|
| |
| |
| |
| |

https://greenstories.co.in/environmental-technology/

**(k)** Mínigh an phríomhdhifríocht idir idirdhealú díreach agus idirdhealú indíreach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(l)** Ainmnigh agus déan cur síos achomair ar chóras neamhdhaonlathach rialtais **amháin**.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(m)** Déan cur síos ar **dhá** bhealach a ndéantar éagsúlacht teanga a chosaint laistigh den Aontas Eorpach (AE).

**(n)** Tugadh isteach seilfeanna araide i lár chathair Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun stop a chur le daoine a bheith ag ransú in araidí sa tóir ar bhuidéil phlaisteacha nár tugadh ar ais.
Déan trácht ar an ngá atá le seilfeanna araide i sochaí chomhaimseartha na hÉireann.




https://businessplus.ie/news/bin-dublin-city-re-turn/

**(o)** Ainmnigh an Smaointeoir Tábhachtach a luaitear le *Cur Chuige na nÁbaltachtaí*.
Mínigh go hachomair an teoiric seo.

Smaointeoir Tábhachtach:

Míniú:


| Roinn B | Ceisteanna bunaithe ar Shonraí | 150 marc |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist sa roinn seo. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Doiciméad A: Arna chur in oiriúint ó shuirbhé Iar-Thoghcháin an AE, 2024**

In Eorabharaiméadar iar-thoghcháin 2024 Pharlaimint na hEorpa, féachtar ar iompar vótála na saoránach sna toghcháin Eorpacha le déanaí, ar na príomhcheisteanna ba chúis le cinntí vótála na saoránach agus ar a ndearcthaí i leith an AE agus i leith Pharlaimint na hEorpa.

**Is é an costas maireachtála príomhúdar imní na saoránach ag tús an reachtais nua:**
Is iad praghsanna ag ardú agus an costas maireachtála (42%) agus an staid eacnamaíochta (41%) na príomhthopaicí a spreag saoránaigh na hEorpa le vótáil sna toghcháin Eorpacha deireanacha i mí an Mheithimh 2024. Deir aon trian de na vótálaithe (34%) go bhfuil an staid idirnáisiúnta ar cheann de na topaicí a spreag iad le vótáil agus luann timpeall an méid céanna (32%) cosaint an daonlathais agus riail an dlí. Deir na daoine nár chaith vóta freisin go bhféadfadh an costas maireachtála (46%) agus an staid eacnamaíochta (36%) a bheith tar éis iad a spreagadh le páirt a ghlacadh sna toghcháin.




**Toghcháin Eorpacha – nós daonlathach:** Tugann an taighde le tuiscint go bhfuil vótáil sna toghcháin Eorpacha ina nós daonlathach anois do an-chuid saoránach. Nuair a fiafraíodh díobh cén fáth ar chaith siad vóta, deir 46% de na vótálaithe go gcaitheann siad vóta i gcónaí, deir 42% gurb é a ndualgas mar shaoránaigh é, agus deir 20% go bhfuil siad ag iarraidh tacaíocht a thabhairt don pháirtí polaitíochta a bhfuil dáimh acu leis.

**Cúlra:** Is é an ghníomhaireacht taighde Verian a rinne an suirbhé Eorabharaiméadair iar-thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa idir 13 Meitheamh agus 8 Iúil 2024 i ngach ceann de na 27 Ballstát san AE. Rinneadh an suirbhé aghaidh ar aghaidh, agus úsáideadh físagallaimh (CAVI) chomh maith sa tSeicia, sa Danmhairg, san Fhionlainn agus i Málta. Rinneadh 26,349 agallamh san iomlán. Rinneadh torthaí an AE a ualú de réir mhéid an daonra i ngach tír.


https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/3292 -Arna chur in oiriúint

**Doiciméad B: Arna chur in oiriúint ó Staidéar Iar-Thoghchán, Eorpach agus Áitiúil – Tuarascáil Sonraí 2024**


Rinne RED C suirbhé cuimsitheach a bhí ionadaíoch go náisiúnta tar éis na dtoghchán áitiúil agus Eorpach i Meitheamh 2024.

1. Dearadh an suirbhé le bheith ionadaíoch ar na daoine fásta ar fad in Éirinn atá i dteideal vóta a chaitheamh.
2. Rinneadh an suirbhé sa tseachtain tar éis na dtoghchán ar an 7 Meitheamh.
3. Lorg an Coimisiún Toghcháin briseadh síos freisin ar na ceisteanna maidir le taithí agus sástacht, go sonrach i gcás na bhfreagróirí a bhfuil míchumas orthu, rud atá ag teacht lena fheidhm athbhreithnithe iarthoghcháin faoi Alt 68 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022.

**Tábhacht cheisteanna na vótálaithe i dtoghcháin Eorpacha**




**Cúiseanna gan vóta a chaitheamh i dtoghcháin Eorpacha**




**Modheolaíocht:**
Rinneadh an taighde ar líne ag baint úsáid as RED C Live, an t-ardán saincheaptha ar líne ag RED C.

- Trí phainéal ar líne de os cionn 45,000 ball, cuireann Red C Live ar ár gcumas teacht ar shampla ionadaíoch den daonra fásta 18+ ar fud na hÉireann i mbealach cost-éifeachtúil agus tráthúil.
- Baineadh úsáid as rialúcháin cuóta le sampla ionadaíoch ar bhonn náisiúnta de dhaoine fásta as Poblacht na hÉireann a chinntiú.
- Rinneadh sonraí a ualú – inscne, aois, réigiún agus aicme shóisialta á gcur san áireamh – chun sampla ionadaíoch ar bhonn náisiúnta a chinntiú bunaithe ar na réamh-mheastacháin is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (POS).

www.neds.ie/reports/NEDS-2024-local-european-elections-report.pdf - Arna chur in oiriúint

**Ceist 2** **(150 marc)**

**(a)** Bunaithe ar an bhfianaise i **nDoiciméad A**, cad iad na fáthanna ar vótáil daoine i dtoghcháin an AE?

**(b)** Agus tagairt á déanamh agat do **Dhoiciméad B**, déan trácht ar na fáthanna a thug daoine fásta in Éirinn nár chaith siad vóta i dtoghcháin an AE.

**(c)** Déan trácht ar céatadán na vótálaithe (51%) sa toghchán Eorpach i **nDoiciméad A**.

**(d)** Déan grinn-léirmheas ar an modheolaíocht a úsáideadh i **nDoiciméad B**.

**(e)** Bunaithe ar an bhfianaise sa **dá** dhoiciméad, cad iad na húdair imní atá ag vótálaithe in Éirinn atá forleathan ar fud an AE freisin?

**(f)** Déan measúnú ar ábharthacht na sonraí sa **dá** dhoiciméad do chinnteoirí agus do lucht déanta polasaithe an AE.

**(g)** Agus úsáid á baint agat as an eolas sa dá dhoiciméad agus as an ráiteas thíos, cad iad na conclúidí is féidir linn a tharraingt faoin tábhacht atá le rannpháirtíocht na saoránach i gcomhthéacs an chonartha shóisialta?

**'Is í acmhainn an duine ar son na córa a fhágann gur féidir an daonlathas a bhaint amach, ach is é claonadh an duine i dtreo na héagóra a fhágann go bhfuil an daonlathas a bheith riachtanach.’**

Reinhold Niebuhr



https://artpictures.club/autumn-2023.html

| Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid. |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Freagra**

| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 200 marc |
| --- | --- | --- |

**Freagair dhá cheist as 3, 4, 5, 6 agus 7.**

**Ceist 3(a)** **(100 marc)**

**Déan measúnú criticiúil ar cé acu atá méadú ar an neamhionannas ina bhagairt nó nach bhfuil maidir le feidhmiú an daonlathais i dtíortha ar fud an domhain.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs náisiúnta agus/nó domhanda a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do smaointe bheirt teoiricithe ar a laghad, agus ní mór duine amháin acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]


**NÓ**

**Ceist 3(b)** **(100 marc)**

**Déan anailís chriticiúil ar cé acu atá an ceart chun agóide riachtanach i stát daonlathach nó nach bhfuil, agus cé acu a thacaíonn an ceart sin le prionsabail an daonlathais nó nach dtacaíonn.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs áitiúil agus/nó domhanda a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do smaointe bheirt teoiricithe ar a laghad, agus ní mór duine amháin acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 4** **(100 marc)**




https://al.linkedin.com/in/herjon-muca-267a5b139


**Déan plé ar an ráiteas seo ó Gustavo Petro i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha – amhail COP 29 nó comhaontuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha eile – a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh do smaointe teoiricí amháin ar a laghad atá ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 5** **(100 marc)**

"Is féidir le bréag taisteal leathshlí timpeall an domhain fad atá an fhírinne ag cur uirthi a cuid bróg." - Mark Twain.

**Déan plé ar an éifeacht atá ag mífhaisnéis agus ag bréagfhaisnéis trí úsáid na meán nua i saol an lae inniu.**



https://www.dictionary.com/

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs áitiúil agus/nó domhanda a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do smaointe teoiricí amháin ar a laghad atá ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 6** **(100 marc)**


www.bbc.co.uk/newsround/62176590

"Is é an t-oideachas an uirlis is cumhachtaí is féidir leat a úsáid chun an domhan a athrú."

Nelson Mandela, *Long Walk to Freedom*, 1994.

**Déan measúnú criticiúil ar theoiric Paulo Freire a deir gur gníomh réabhlóideach é an t-oideachas ar féidir leis athrú sóisialta a bhaint amach.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs áitiúil agus/nó domhanda a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do smaointe teoiricí amháin eile.]

**Ceist 7** **(100 marc)**

"Náisiúnachas de chineál amháin nó de chineál eile ba chúis leis an gcuid is mó den chinedhíothú san fhichiú haois. Is píosaí d'éadach daite iad bratacha a úsáideann rialtais le hintinn daoine a chrapadh agus a úsáidtear ansin mar thaiséadaigh dheasghnácha chun na mairbh a chur." - Arundhati Roy, *War Talk*, 2003.


https://www.abc.net.au/13337816

**Déan plé ar fhás an Náisiúnachais i saol an lae inniu i gcomhthéacs theoiric Benedict Anderson de *Phobail Shamhalta.***

[Ba cheart samplaí ó chomhthéacs náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta a bheith i do fhreagra agus ba cheart tagairt a dhéanamh do smaointeoir tábhachtach amháin eile ar a laghad.]

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

| **Freagra** |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Máirt 24 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00